Achoimre

Tá Oifig na nOibreacha Poiblí agus a comhpháirtithe, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí, ag tabhairt faoi staidéar measúnaithe agus bainistíochta, bunaithe ar abhantracha, ar an riosca tuilte a bhaineann le hAbhantrach na Laoi – Staidéar Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca Tuilte ar Abhantrach na Laoi. Aithneoidh an phríomhthuarascáil a thiocfaidh as an staidéar seo – Plean Bainistíochta Riosca Tuilte ar Abhantracha – clár staidéar, gníomhartha agus oibreacha, a dtabharfar tús áite dó, agus a dhéanfaidh an riosca tuilte a bhaineann le hAbhantrach na Laoi a bhainistiú san fhadtéarma agus cuirfidh an clár moltaí chun cinn i ndáil le pleanáil chuí don fhorbairt. Is é an staidéar seo an chéad tionscadal píolótach den chur chuige nua náisiúnta maidir leis an mbainistíocht riosca tuilte.

Déanfar Measúnú Straitéiseach ar an gComhshaol mar chuid den staidéar chun a chinntiú go mbeidh moltaí an phlean dheiridh oiriúnach ó thaobh an chomhshaoil de agus go n-aithneofar deiseanna a bhféadfadh feabhsú na habhantrach a bheith mar thoradh orthu.

Is í an Tuarascáil ar Scóip an Chomhshaoil an chéad tuarascáil a bhí mar thoradh ar an bpróiseas maidir leis an Measúnú Straitéiseach ar an gComhshaol. Tugtar cuntas sa tuarascáil seo ar na tréithe comhshaoil a bhaineann le hAbhantrach na Laoi; cuirtear an tuiscint bhunaidh atá againn ar na saincheisteanna tábhachtacha comhshaoil atá san abhantrach, ó taobh tuilte agus bainistíocht a dhéanamh ar thuilte de, i láthair inti chomh maith. Aithnítear ansin sraith de chuspóirí atá beartaithe don chomhshaol chun staidéar a dhéanamh a bheadh bunaithe ar na saincheisteanna tábhachtacha comhshaoil atá aitheanta. Úsáidfear na cuspóirí comhshaoil seo sna chéad chéimeanna eile den staidéar chun na nithe seo a leanas a chur i gcrích: (1) eolas a thabhairt chun na roghanna féideartha bainistíochta riosca tuilte a aithint agus a fhorbairt; agus (2) measúnú a dhéanamh ar na roghanna aitheanta chun na roghanna straitéiseacha tosaíochta a aithint. Leagtar amach sa bhosca thíos na cuspóirí comhshaoil a moladh sa chéad chéim seo den staidéar chomh maith leis an Measúnú Straitéiseach ar an gComhshaol a ghabhann leis.

- Úsáid inbhuanaithe a bhaint as an talamh agus é a chosaint
- Infreastruchtúr tábhachtach a chosaint
- Tacaíocht a thabhairt chun go mbainfear amach stádas/poitéinseal maith éiceolaíoch faoi Threoir an AE um Chreat Uisce
- An baol a bhaineann leis an tionchar a bhíonn ag athrú aeráide a laghdú agus a bheith solúbtha chun go bhféadfaí réitigh eile a chur i bhfeidhm sa todhchaí
- Flora agus fauna na habhantraí a chosaint agus, nuair is féidir é, cur le bithéagsúlacht
- An t-iascach san abhantrach a chosaint agus nuair is féidir é, é a chur chun cinn
- Tréithe an tírdhreacha agus áilleacht na radharc a chosaint agus iad a fheabhsú nuair is féidir é
- Sláinte phoiblí, sábháilteacht agus fostaíocht a chosaint

- Rochtain, bunaithe ar an uisce agus le taobh na habhann, agus saoráidí caithimh aimsire agus pobail atá ann cheana a chosaint agus cinn nua a bhunú nuair is féidir é
- Gnéithe aitheanta ó thaobh tábhacht oidhreacht chultúrtha de a chosaint agus a láithreacha a chosaint chomh maith

Beifear i mbun chomhairliúcháin sheachtraigh fad is a bheidh an staidéar seo ar bun chun a chinntiú go dtabharfar aird ar eolas, ar thaithí agus ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara agus an phobail i gcoitinne i ngach céim d'fhorbairt an phlean. Cuireadh an tuarascáil seo i dtoll a chéile tar éis dul i gcomhairle, ar an gcéad dul síos, le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne.

Cuirfear fáilte roimh thuairimí faoi scóip agus faoi ábhar na tuarascála seo faoin 11 Bealtaine 2007. Úsáidfear na tuairimí a fhaightear, nuair is cuí sin, ar mhaithe leis an bhforbairt a dhéanfar ar an staidéar agus ar an Measúnú Straitéiseach ar an gComhshaol sa todhchaí.